

## **Coláiste Gharumna**

### **Polasaí um Mhí-Úsáid Substaintí**

#### **Sainmhíniú 'drugáí':**

Don Pholasaí seo bainfear úsáid as an téarma 'drugáí' chun tagairt a dhéanamh de shubstaintí mhídhleathacha (cannabis, ecstasy etc.), chomh maith le tobac, alcól agus mi-úsáid leighis.

#### **Smaointeoireacht:**

I sochaí ina bhfuil fáil ar dhrugaí go héasca níor mhór don Choláiste polasaí oideachais dhrugaí a fhorbairt. Sí aidhm an pholasaí ná eolas, scileanna agus an meon ceart a chur ar fáil dár scoláirí i sochaí atá dírithe i dtreo drugaí agus a chinntiú go bhfuil rialacha atá soiléir ar fáil chun tabhairt faoi chásanna úsáid drugaí má tharlaíonn said. Teastaíonn co-oibriú idir na mic léinn agus an Coláiste, an pobal, seirbhísí leighis, Gardaí agus an rialtas chun mi úsáid drugaí a chosc. Ní féidir le pobal ar bith a cheapadh nach baol dá cuid mic léinn féin.

#### **Aidhmeanna agus Cuspóirí an Pholasaí**

- Modhanna oibre a bhfuil glactha leo a leanacht go cóir agus go rialta nuair a bhíonn gá
- A chinntiú go gcuirfear oiliúint ar fáil d'fhoireann an Choláiste chun an polasaí a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil ar a laghad bah amháin den fhoireann cáilithe i ngarchabhair

#### **Ábhar an Pholasaí**

- .

#### **Láimhseáil cásanna úsáid drugaí**

- Ós rud é go bhfuil sé mídhleathach tobac a chaitheamh i bhfoirgnimh poiblí.

- Tá cosc ar mhic léinn a bheith i seilbh alcóil, nó é a ól i rith am an Choláiste nó i rith ócáidí an Choláiste, turais an Choláiste san áireamh.
- Tá cosc ar mhic léinn agus ar gach duine a bhaineann úsáid as foirgnimh nó clós an Choláiste a bheith faoi thionchar substaintí mhídhleathacha nó iad a bheith ina seilbh. Má tharlaíonn eachtra a bhaineann le h-úsáid drugaí mídhleathacha, 'sé polasaí an Choláiste freagairt i mbealach dian agus féaráilte ag cur san áireamh sábháilteacht agus leas an duine/na ndaoine atá i gceist, chomh maith le pobal iomlán an Choláiste. Déanfaidh an Coláiste iarracht a leithéid d'eachtra a láimhseáil go discréideach agus go goilliúnach ag comhlíonadh aon dualgaisí dleathacha a bheadh i gceist, (m.s. Gardai a chur ar an eolas).

### **Tuairisceoireacht Inmhéanach**

Cuirfear an príomhoide ar an eolas faoi gach eachtra úsáid drugaí (agus cásanna amhrasacha).

### **Taifead**

Coinneoidh an príomhoide cuntas faoi rún ar chuile chás a mbeidh tuairisc tugtha faoi. Sa gcuntas seo ba chóir go mbeadh tuairisc ar aon rabhadh nó comhairle a tugadh don mac léinn agus an toradh a bheadh ar aon athdhéanamh.

### **Faoi Rún**

Má bhíonn baint ag mic léinn le húsáid drugaí ní féidir geallúint go gcoinneofar an t-eachtra faoi rún mar gheall ar na srianta faoina n-oibríonn an Coláiste. Caithfear eolas a thabhairt do mhúinteoirí nó do sheirbhísí eachtracha ach déanfar é seo go discréideach agus go cúí. Cuirfear na teorainn seo in iúl do scoláirí sula bpléifear an cás go hoscailte más féidir.

### **Tuismitheoirí/Caomhnóirí**

I gcás go mbíonn baint ag mic léinn le h-úsáid drugaí cuirfear tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas chomh luath is gur féidir é, mar a bheadh a gcuid tacaíochta riachtannach i

sárú na faidhbe. Tabharfar cuireadh chuig an gColáiste don tuismitheoir/caomhnóir chun an cás a phlé agus cuirfear é seo in iúl don mac léinn. Tabharfar eolas ar sheirbhísí do thuismitheoir/caomhnóir a bheadh ag iarraidh níos mó tacaíochta.

### **Gardaí**

I gcásanna ina soláthraítear drugaí mídhleathacha sé polasaí an Choláiste ná na Gardaí a chur ar an eolas. Iarrfar comhairle ar na Gardaí freisin i gcásanna eile más gá. Braithfidh sé seo ar an bpríomhoide agus aon mhúinteoir cuí.

### **Smachtbhannaí**

De réir polasaí smachta an Choláiste beidh córas dian smachtbhannaí i bhfeidhm chun plé le mic léinn i gcásanna úsáide, seilbhe nó soláthar substaintí/drugaí mí dhleathacha.

I gcásanna úsáide/seilbhe nó soláthar substaintí/drugaí mídhleathacha le linn am scoile nó le lin imeachtaí ar bith eagraithe ag an gColáiste lasmuigh nó lastigh den Choláiste, is eisiámh/díbirt ón gColáiste a bheidh i gceist.

Cuirfear an Bord Bainistíochta nó/agus Bord Oideachais agus Oiliúna ar an eolas faoi eachtra tromchúiseach. Beidh ceart achomhairc ag scoláire mar atá leagtha amach i gCód Iompar an Choláiste.

### **Curam/Comhairle**

Mar gheall ar chontúirt úsáid drugaí mídhleathacha rachaidh foireann chúram tréada an Choláiste i gcomhairle leis na mic léinn a bhíonn i gceist agus más gá, cuirfear i dteagmháil iad le seirbhísí athshlánaithe. Tabharfar tacaíocht freisin do bhaill foirne a bheidh ag plé leis an gcás.

### **Fáil réidh le substaintí mhídhleathacha**

Má fhaightear substaintí mídhleathacha sa gColáiste nó i rith gníomhaíochtaí an choláiste, cuirfidh ball d'fhoireann an Choláiste in áit shábháillte é agus cuirfear fios ar

an bPríomhoide chun é a bhailiú. Idir an dá linn ní láimseáltar an substaint thar mar is gá.

### **Cuartú**

Má cheaptar go bhfuil substaintí mídhleathacha sa gColáiste tá de cheart ag údaráis an Choláiste gach áit sa gColáiste a chuartú. Tabharfar seans do scoláire an substaint a thabhairt suas go deonach.

Má tá údar ann creidiúint go bhfuil scoláire i seilbh substaint mídhleathach iarrfar air/uirthi é a thabhairt suas go deonach. Má dhiúltaíonn sé/sí d'fhéadfaí glaoch ar na Gardaí chun an chuartú a stiúradh. Caithfidh beirt d'fhoireann an Choláiste bheith i láthair nuair atá cuartú de shaghas ar bith ar siúl.

### **Sábháilteacht agus Sláinte**

Ag plé le cás éigeandála drugaí cuirfear fios ar bhaill den fhoireann an Choláiste atá cáilithe i ngarchabhair, cuirfear an príomhoide ar an eolas agus déanfar chuile iarracht teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir/caomhnóirí an mac léinn. I gcásanna ailéirge go mór mhór i dtaobh leighis ní mór don mach léinn an t-eolas seo a bheith tugtha don phríomhoide.

### **Riaradh agus úsáid leighis**

Ní thabharfaidh baill foinne seachas an Príomhoide (nó a (h)ionadaí), aon leigheas do scoláire seachas Paracetamol i gcásanna eisceachtúla, ach cead an mac léinn a bheith faighte ar dtús.

Má bhíonn ar scoláirí leighis a thógáil go rialta ní mór an t-eolas seo a bheith tugtha don phríomhoide.

### **Monatóireacht & Athbhreithniú**

Déanfar monatóireacht rialta chun a chinntiú go gcuirfear an polasaí i bhfeidhm go héifeachtach. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí mar chuid de chóras pleanála an Choláiste.

